



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11516/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0209(CNS)**

**COH 41
POSEIDOM 5**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Iúil 2021
chuig:	Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2021) 392 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar allmhairí táirgí tionsclaíocha áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go sealadach

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 392 final.

Faoi iamh: COM(2021) 392 final



An Bhruiséal, 14.7.2021
COM(2021) 392 final

2021/0209 (CNS)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena ndéantar dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar allmhairí táirgí
tionsclaíocha áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go sealadach**

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• **Forais agus cuspóirí an togra**

Rinneadh foráil le Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 ón gComhairle¹ maidir leis na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar allmhairí táirgí tionsclaíocha áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go sealadach. Baineann na hOileáin Chanáracha leis na Réigiúin is Forimeallaí san Aontas Eorpach, a bhféadfadh bearta speisialta a fhoráil ina leith, de bhun Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) chun na míbhuntáistí eacnamaíocha a mbíonn na réigiúin sin thíos leo mar gheall ar a suíomh geografach a sháru.

Na bearta dá bhforáiltear i Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 ón gComhairle, arbh é ab aidhm leo iomaíochas na n-oibreoirí eacnamaíocha áitiúla a neartú agus ar an gcaoi sin, fostaíocht níos cobhsaí a áirithiú ar na hoileáin sin, rachaidh na bearta sin in éag an 31 Nollaig 2021. In Aibreán 2021, d'iarr rialtas na Spáinne go gcuirfí síneadh leis an bhfionraí ar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha i gcás roinnt táirgí. De réir na hiarrata, na srianta atá ar an réigiún, ar srianta struchtúracha agus buana iad, tá baint go fóill acu leis an iargúlacht, le beagmhéid an mhargaidh agus le hilroinnt an réigiúin. I ngeall ar na srianta sin, tá costas táirgthe agus iompair níos airde, agus costais chomhshaoil níos airde i gcás na nOileán Canárach. Níl siad in ann ach oiread an tairbhe chéanna a bhaint as an domhandú agus atá réigiúin eile Eorpacha. Beartaítear leis an scéim fionraíochta a iarradh na srianta sin ar mhargadh na nOileán Canárach a laghdú.

Ina theannta sin, sa chomhthéacs céanna, d'iarr údaráis na Spáinne go gcuirfí na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar fionraí i gcás seacht gcinn de chatagóirí táirgí nua a thagann faoi chóid AC 3903 19, 5603 94, 5604 10, 7326 90, 7607 20, 8441 40 agus 8479 90.

• **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Sa Teachtaireacht ó 2017 maidir le 'Comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe athnuaithe leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas'², sonraítear go bhfuil dúshlán mhóra roimh na réigiúin is forimeallaí i gcónaí, agus gur dúshlán bhuana cuid mhór díobh sin. Sa Teachtaireacht sin, cuirtear i láthair cur chuige an Choimisiúin maidir le tacú leis na réigiúin sin i leith a sócmhainní uathúla a fhorbairt agus earnálacha nua a shainaithint chun gur féidir fás agus fostaíocht a chruthú.

Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don togra seo tacú leis an réigiún is forimeallaí den Spáinn maidir lena shócmhainní a fhorbairt chun fás agus cruthú fostaíochta a chur chun cinn san earnáil áitiúil. Leis an togra seo forlíontar an Clár de Roghanna a bhaineann go sonrach le hIargúlacht agus le hOileánacht (POSEI), clár atá dírithe ar thacaíocht le haghaidh na príomhearnála agus táirgeadh amhábhhar, an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus maoiniú Leithdháileadh Sonrach Breise Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

Baineann na hOileáin Chanáracha tairbhe as bearta comhchosúla eile (laghduithe taraifí uathrialaitheacha), mar shampla, déantar foráil le Rialachán (AE) 2020/1785 ón gComhairle

¹ IO L 345, 29.12.2011, lch. 1.

² COM(2017) 623 final.

an 16 Samhain 2020³ maidir le taraif-chuótaí uathrialaitheacha a oscailt le haghaidh allmhairí táirgí iascaigh áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha. Thairis sin, baineann an réigiún is forimeallaí tairbhe as díolúintí ó cháin AIEM nó as laghduithe páirteacha uirthi⁴ dá bhforáiltear le Cinneadh (AE) 2020/1792 ón gComhairle an 16 Samhain 2020⁵.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo i gcomhréir le beartais an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le beartas ginearálta na réigiún is forimeallaí agus na beartais i réimse na trádála idirnáisiúnta, na hiomaíochta, an chomhshaoil, na fiontraíochta, na forbartha agus an chaidrimh sheachtraigh.

2. **BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT**

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 349 CFAE bunús dlí an togra seo. Cuirtear ar chumas na Comhairle leis an bhforáil sin, agus srianta struchtúracha sóisialta agus eacnamaíoch na réigiún is forimeallaí den Aontas á gcur san áireamh (lena n-áirítear a n-iargúlacht, a n-oileánachas, an beagmhéid atá orthu, a dtopagrafaíocht agus a n-aeráid achrannach mar aon lena spleáchas eacnamaíoch ar líon beag táirgí) bearta sonracha a ghlacadh le cur i bhfeidhm na gConarthaí maidir leis na réigiúin sin a oiriúnú. Baineann na bearta sin le réimsí áirithe, lena n-áirítear, i measc nithe eile, beartais chustaim agus trádála.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Baineann an togra le hinniúlacht eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, níl feidhm ag prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta ar na cúiseanna seo a leanas:

Úsáidtear an cineál sin gníomhaíochta go rialta mar ionstraim chun iomaíochas na n-oibreoirí eacnamaíoch a neartú. Is nós imeachta bunaithe é rialuithe úsáide deiridh a fhorchur i gcomhréir le forálacha Chód Custaim an Aontais agus nós imeachta bunaithe atá i bhforálacha cur chun feidhme an Chóid freisin sa chomhthéacs seo agus ní chruthaíonn sé ualaí suntasacha breise riaracháin do na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla agus d'oibreoirí eacnamaíoch.

- **An rogha ionstraime**

Is le haghaidh Rialacháin atá an togra.

³ IO L 403, 1.12.2020, lch. 1.

⁴ Cáin ar a dtugtar '*Arbitrio sobre las Importaciones y Entregas de Mercancías en las islas Canarias*' (Cáin AIEM).

⁵ IO L 402, 1.12.2020, lch. 1.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Maidir leis an togra seo, chuathas i gcomhairle le ‘Grúpa na gCeisteanna Taraiife Eacnamaíocha’ (ETQG) a chuidíonn leis an gCoimisiún a dtograí ón gComhairle a ullmhú i réimse na mbeart taraiife uathrialaitheach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Chun scrúdú a dhéanamh ar iarmhairtí na mbeart, d’iarr an Coimisiún an fhaisnéis riachtanach ar údaráis na Spáinne. Sholáthair údaráis na Spáinne sonraí maidir leis na táirgí faoi thrácht a allmhairíodh chuig na hOileáin Chanáracha agus áiríodh ar na sonraí sin anailís ar na táirgí sin.

Bailíodh faisnéis faoi ábhair ar leith freisin, amhail fostaíocht (ó Oifig Staidrimh na nOileán Canárach), turasóireacht (staidreamh oifigiúil ar thurasóireacht sna hOileáin Chanáracha) agus tomhaltas (Eorabharaiméadar).

- **Measúnú tionchair**

Ní dhearnadh measúnú tionchair. Is é is aidhm don togra síneadh a chur leis na bearta atá ann faoi láthair a rachaidh in éag ag deireadh 2021. Níl údar cuí le measúnú tionchair, i bhfianaise raon feidhme teoranta na mbeart agus i bhfianaise nach bhfuil athruithe suntasacha ar na hiarmhairtí a bhfuiltear ag súil leo

- **Ceartha bunúsacha**

Níl aon iarmhairt ag an togra ar chearta bhunúsacha.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra seo ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam. Is fiú thart ar EUR 3,3 milliún in aghaidh na bliana na dleachtanna custaim nach mbailítear. Is fiú EUR 2,5 milliún in aghaidh na bliana an éifeacht ar acmhainní dílse traidisiúnta an bhuiséid (i.e. 75 % den iomlán). Leis an ráiteas airgeadais reachtach leagtar amach ar bhealach níos mionsonraithe impleachtaí buiséadacha an togra.

Is trí bhíthin ollioncam náisiúnta (OIN) na mBallstát, agus é bunaithe ar ranníocaíochtaí acmhainní dílse, a chúiteofar caillteanas ioncaim in acmhainní dílse traidisiúnta.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

lena ndéantar dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar allmhairí táirgí tionsclaíocha áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go sealadach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis di an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) De réir Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 ón gComhairle⁶, rachaidh an fionraí dleachta le haghaidh earraí caipitiúla áirithe le haghaidh úsáid tráchtála nó thionsclaíoch, arna n-allmhairiú isteach sna hOileáin Chanáracha, in éag an 31 Nollaig 2021.
- (2) In Aibreán 2021, d'iarr rialtas na Spáinne go gcuirfí síneadh leis an bhfionraí ar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha i gcás roinnt táirgí i gcomhréir le hAirteagal 349 den Chonradh. Leis na bearta a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011, cuireadh le forbairt gheilleagar na nOileán Canárach ar bhealach dearfach, go háirithe san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil tógála, agus dá bhri sin, laghdaíodh an tionchar tromchúiseach a bhíonn ag míbhuntáistí eacnamaíocha agus tráchtála a bhíonn ann i ngeall ar iargúlacht, oileánachas agus beagmhéid na n-oileán sin.
- (3) Bíonn tionchar diúltach ar gheilleagar na nOileán Canárach go fóill i ngeall ar bheagmhéid mhargadh na n-oileán, ilroinnt agus iargúlacht na n-oileán ón Eoraip, an ráta an-ard dífhostaíochta agus na costais táirgthe agus dáileacháin a bhíonn níos airde ná costais oibreoirí eacnamaíocha ar mhór-roinn na hEorpa. Cé gur léiríodh dul chun cinn áirithe i ráta dífhostaíochta na nOileán Canárach suas go dtí 2019, tháinig méadú ar an dífhostaíocht ó 20,5 % in 2019 go dtí 22,6 % in 2020, atá i bhfad os cionn an mheáin náisiúnta agus mheán an Aontais arb ionann iad agus 15,5 % agus 7,1 % faoi seach (Eurostat, 2021).
- (4) Thairis sin, chuir géarchéim COVID-19 stop leis an ngníomhaíocht turasóireachta sna hOileáin Chanáracha, rud a d'fhág go raibh laghdú a measadh a bheith thart ar 20 % san OTI in 2020. Ina theannta sin, rinneadh crapadh sa ghníomhaíocht tógála agus thionsclaíoch nuair a tháinig laghdú a measadh a bheith 13 % maidir le 2019.

⁶ Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 ón gComhairle an 19 Nollaig 2011 lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaife Custaim uathrialaitheacha ar allmhairí táirgí tionsclaíocha áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go sealadach (IO L 345, 29.12.2011, lch. 1).

- (5) Dá bhrí sin, is iomchuí síneadh a chur le cur ar fionraí na ndleachtanna Comhtharfaife Custaim uathrialaitheacha i gcás earraí áirithe mar a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 chun:
- inbhuanaitheacht éifeachtaí dearfacha Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 a áirithiú;
 - rannchuidiú le héagsúlú an gheilleagair;
 - fás leanúnach agus cruthú post a áirithiú san earnáil tionsclaíochta agus san earnáil tógála;
 - an nuálaíocht a fheabhsú;
 - spleáchas an gheilleagair áitiúil ar an earnáil seirbhísí a laghdú;
 - bearta eile a chomhlánú atá tiomanta don timpeallacht eacnamaíoch agus sóisialta sna hOileáin Chanáracha a chobhsú.
- (6) I dteannta na gcatagóirí táirgí nua a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011, sa chomhthéacs céanna, d'iarr rialtas na Spáinne go gcuirfí na dleachtanna Comhtharfaife Custaim uathrialaitheacha ar fionraí i gcás seacht gcinn de chatagóirí táirgí nua a thagann faoi chóid AC 3903 19, 5603 94, 5604 10, 7326 90, 7607 20, 8441 40 agus 8479 90. Ba cheart glacadh leis an iarraidh sin toisc go neartódh an fionraí sin, lena n-áirítear meaisíní chun críoch tionsclaíoch agus amhábhair, geilleagar na nOileán Canárach.
- (7) Chun a áirithiú nach mbainfidh ach oibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe ar chríoch na nOileán Canárach tairbhe as na bearta taraife sin, ba cheart an fionraí a dhéanamh coinníollach ar úsáid deiridh na dtáirgí i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/2447 ón gCoimisiún⁸.
- (8) I gcás sraonadh trádála agus chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún ionas gur féidir leis an gCoimisiún an fionraí a tharraingt siar. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁹.
- (9) Ba cheart na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo leanúnachas a áirithiú tar éis do Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 dul in éag. Dá bhrí sin, is iomchuí na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2031,

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

⁸ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 1993 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe chun forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais a chur chun feidhme. (IO L 343, 29.12.2015, lch. 558).

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2031, déanfar na dleachtanna Comhtharaise Custaim, dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 is infheidhme maidir le hearraí caipitiúla áirithe le haghaidh úsáid tráchtála nó thionsclaíoch, a thagann faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn I faoi láthair a chur ar fionraí go hiomlán.

Úsáidfean na hearraí sin i gcomhréir le forálacha ábhartha Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus Rialachán (AE) 2015/2447 ar feadh tréimhse 24 mhí ar a laghad tar éis d'oibreoirí eacnamaíocha atá lonnaithe sna hOileán Chanáracha na hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

Airteagal 2

Ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2031, déanfar na dleachtanna Comhtharaise Custaim, dá dtagraítear in Airteagal 56(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 is infheidhme maidir le hamhábhair, páirteanna agus comhpháirteanna, a thagann faoi na cóid AC a liostaítear in Iarscríbhinn II faoi láthair, agus a úsáidtear le haghaidh claochlú tionsclaíoch nó cothabháil thionsclaíoch sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go hiomlán.

Airteagal 3

Beidh fionraíocht na ndleachtanna dá dtagraítear in Airteagail 1 agus 2 faoi réir maoirseacht chustaim úsáide deiridh i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

Airteagal 4

1. Má tá cúis ag an gCoimisiún a chreidiúint gur saoradh trádála do tháirge ar leith a bhí mar thoradh ar aon fionraí a leagadh síos sa Rialachán, tabharfar de chumhacht dó gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, lena dtarraingítear siar an fionraí go sealadach maidir leis an táirge sin ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 5(2).

Urrófar le ráthaíocht na dleachtanna allmhaire le haghaidh táirgí dar tarraingíodh an fionraí siar go sealadach, agus cuirfean de choinníoll ar scaoileadh na dtáirgí faoi thrácht sa tsaorchúrsaíocht sna hOileáin Chanáracha go ndéanfar ráthaíocht den sórt sin a sholáthar.

2. Nuair a chinnfidh an Chomhairle, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach sa Chonradh, laistigh de thréimhse 12 mhí, gur cheart an fionraí a tharraingt siar go cinnte, baileofar méideanna na ndleachtanna arna n-urrú le ráthaíochtaí go cinnte.
3. Murar glacadh aon chinneadh cinnte laistigh de 12 mhí i gcomhréir le mír 2, scaoilfean na ráthaíochtaí.

Airteagal 5

4. Tabharfaidh an Coiste um an gCód Custaim arna bhunú le hAirteagal 285(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 cúnaimh don Choimisiún.

5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE HAGHAIDH TOGRAÍ A bhFUIL
IMPLEACHT BHUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO hEISIACH DON
IONCAM**

1. AINM AN TOGRA:

Rialachán ón gComhairle lena ndéantar na dleachtanna Comhtharaiife Custaim uathrialaitheacha ar allmhairí táirgí tionsclaíocha áirithe isteach sna hOileáin Chanáracha a chur ar fionraí go sealadach.

2. LÍNTE BUISÉID:

Caibidil agus Airteagal: Caib. 12 airt. 120

An méid arna bhuiséadú le haghaidh na bliana 2021: € 17 605 700 000

3. TIONCHAR AIRGEADAIS

Ní bheidh aon impleacht airgeadais ag an togra

Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar chaiteachas ach beidh tionchar airgeadais aige ar ioncam – is mar seo a leanas a bheidh an éifeacht:

(€ milliún go dtí an chéad deachúil)

Líne bhuiséid	Ioncam ¹⁰	tréimhse, dar tús ll/mm/bbbb	[Bliain 2022 – 2031]
Airteagal 120	<i>Tionchar ar acmhainní dílse</i>	01/01/2022 - 31/12/2031	-2,5/bliain

Chun gur féidir leis na hoibreoirí eacnamaíocha cinntí infheistíochta fadtéarmacha a dhéanamh, ba cheart go bhfanfadh na fionraí atá beartaithe i bhfeidhm ar feadh 10 mbliana.

Cuirtear an togra in ionad na mbeart a tugadh isteach le Rialachán (AE) Uimh. 1386/2011 ón gComhairle a rachaidh in éag an 31.12.2021.

Costas measta na hoibríochta seo

Ar bhonn na faisnéise a chuir na húdaráis réigiúnacha ar fáil, meastar gurb é MEUR 3,3 (an méid comhlán, lena n-áirítear costais bhailithe) x 0,75 = MEUR 2,5 in aghaidh na bliana le haghaidh na tréimhse 01.01.2012 - 31.12.2021 an tionchar a bheidh ag an Rialachán seo i dtaca le caillteanas ioncaim. Mar sin féin, ó tharla go gcuireann an togra síneadh leis na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair, is ar éigean a bheidh athrú ar leibhéal na nAcmhainní Dílse Traidisiúnta nár bailíodh, nuair a thiocfaidh an rialachán seo i bhfeidhm.

¹⁰ Maidir le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh shiúcra, dleachtanna custaim), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána tar éis 25 % de na costais bhailiúcháin a bhaint astu.

4. BEARTA FRITHCHALAOISE

Déanfar seiceálacha ar úsáid deiridh na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo ón gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 254 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais.